

Coiste Eorpach na Réigiún

# An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh

## Tosaíochtaí polaitiúla Choiste Eorpach na Réigiún do 2020-2025

# An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh

## Tosaíochtaí polaitiúla Choiste Eorpach na Réigiún do 2020-2025



grianghraf © Daniel Hjalmarsson @artic_studios


Tá gach íomhá faoi chosaint chóipcheart ag © ShutterStock.com, seachas an íomhá ar leathanach 2.

Ba iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, a ndéantar ionadaíocht orthu ar leibhéal an Aontais trí Choiste Eorpach na Réigiún, ba chnámh droma dhaonlathas na hEorpa i gcónaí. Tuigtear anois, de thoradh phaindéim COVID-19, gurb iad na ceannairí áitiúla agus réigiúnacha is cinn feadhna ar na pobail áitiúla mar gheall ar an gcuma ar fhreagair siad don éigeandáil agus toisc gurb iadsan atá ag stiúradh théarnamh an Aontais. Dá bhrí sin, is é an príomh-mhisean a bheidh ag an gCoiste seo againne, mar sin, ná an Eoraip a thabhairt níos gaire do dhaoine trína sráidbhailte, trína cathracha agus trína réigiúin agus déanfar amhlaidh ag leanúint trí phríomhthosaíocht dúinn.

1

Ní mór gach cinneadh a dhéanamh chomh gar do na saoránaigh agus is féidir sin, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

Is éard atá i gceist leis sin ná ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach san Aontas a chur os comhair an phobail agus an ról sin a threisiú.

Is deis í an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn an tAontas Eorpach, chun cleachtais rannpháirtíochta rathúla na sochaí sibhialta, atá forbartha ag ár gcomhaltaí ina dtoghcheantair, a roinnt agus a mhéadú, agus chun próiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh a athchóiriú.

Leanfaimid orainn de bheith ag cinntiú go laghdaíonn reachtaíocht nua an Aontais an t-ualach riaracháin agus na costais cur chun feidhme a chuirtear ar ár réigiúin.

2

Ba cheart gach cinneadh Eorpach a dhéanamh i bhfianaise cé chomh tiomanta agus atáimid do dhul i ngleic leis na claochluithe sochaíocha móra atá le sárú ag ár sráidbhailte, ag ár gcathracha agus ag ár réigiún.

Áirítear leo sin paindéimí domhanda, an t-aistriú chuig an ngeilleagar glas mar aon leis an aistriú digiteach, dúshláin dhéimeagrafacha agus sreabha imirce.

Má thagaimid slán as na haistrithe seo le chéile agus muid níos láidre dá bharr, sin é a chruthóidh ár gcumas smacht a bheith againn ar an am atá le teacht agus ár gcumas teacht aniar a chothú i bpobail áitiúla.


3

Cuirfimid an comhtháthú chun cinn mar bhunluach i mbeartais agus i gcláir uile an Aontais.

Chun an comhtháthú a chothú san Eoraip, tá gá le buiséad fadtéarmach agus uaillmhianach de chuid an Aontais lena gcuirfear cistiú struchtúrach agus comhtháthaithe leordhóthanach, mar aon le hinfheistíocht sa talmhaíocht, ar fáil do na réigiúin agus do na cathracha uile.

Ach tá níos mó i gceist leis an gcomhtháthú ná airgead amháin: is luach é a spreagann fás eacnamaíoch inbhuanaithe, a chruthaíonn deiseanna fostaíochta fadtéarmacha do chách agus a chuireann beartais áitbhunaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais na saoránach i gcrích.

Léireofar ár gcuid tosaíochtaí uile i bhfeachtais chumarsáide nua-aimseartha dhinimiciúla, ina dtabharfar teachtaireacht láidir maidir le fíor-bhreisluach an Aontais, a réigiún, a bhailte agus a shráidbhailte.



An Íslítír
12 gcúige
415 mbardasacht
Lucsamburg
3 cheantar
12 chantún
106 mbardasacht
An Ghearmáin
16 stát chónaidhme
Tuairim is 12 900 údarás áitiúla
(295 chontae, chathair, bhaile, bhardasacht)
An Danmhairg
5 réigiún
2 réigiún ag a bhfuil stádas speisialta: Oileáin Fharó agus an Ghraonlainn
98 mbardasacht
An tSualainn
20 comhairle contae
(lena n-áirítear 4 réigiún)
290 mbardasacht
An Fhionlainn
18 gcomhairle réigiúnacha
Cúige amháin féinrialaithe (Oileáin Åland, ar a bhfuil 16 bhardasacht)
313 mbardasacht
An Eastóin
15 gcúige
226 bhardasacht
(33 bhardasacht uirbeacha agus 193 bardasacht thuaithe)
An Bheilg
3 réigiún
3 phobal
10 gcúige
589 mbardasacht
An Laitvia
5 réigiún
9 gcathair
110 mbardasacht
Canarias
Guyane
Guadeloupe
Martinique
Mayotte
Réunion
Açores
Madeira
An Liotuáin
60 mbardasacht
Éire
2 chomhthionól réigiúnacha
8 n-údarás réigiúnacha
29 gcontae
5 gcathair
80 mbardasacht
An Pholainn
16 réigiún
379 cheantar
2479 mbardasacht
(bardasachtaí uirbeacha agus tuaithe)
65 bhardasacht ag a bhfuil an stádas speisialta ceantar
Cathair Vársá ag a bhfuil stádas speisialta
An Fhrainc
13 réigiún
(agus 5 réigiún thar lear)
102 roinn
36699 mbardasacht
Poblacht na Seice
14 réigiún
6251 mbardasacht
An tSlóvaic
8 réigiún fhéinrialaithe
79 gceantar riaracháin
2922 mbardasacht
An Phortaingéil
2 réigiún fhéinrialaithe
(na hAsóir agus Maidéara)
18 cheantar
308 mbardasacht
4261 pharóiste
2 dhúiche chathracha
(Liospóin agus Oporto)
An Rómáin
8 réigiún fhorbartha
42 roinn lena n-áirítear an phríomhchathair Búcairist
103 chathair mhóra, 217 mbaile
2855 bhardasacht thuaithe
An Bhulgáir
6 réigiún pleanála
28 gcontae
264 mbardasacht
3850 sráidbhaile agus ceantar uirbeach
An Spáinn
17 réigiún fhéinrialaithe
2 chathair fhéinrialaithe
(Ceuta agus Melilla)
50 gcúige
8116 mbardasacht
An Ungáir
19 gcontae
3 152 bhardasacht
(3128 mbaile agus sráidbhaile, 23 bhaile de rangú contae agus an phríomhchathair, Búdaipeist, ina bhfuil 23 cheantar)
An Iodáil
20 réigiún (15 ghnáthréigiún, 5 réigiún ag a bhfuil stádas speisialta)
2 chúige fhéinrialaithe
(Bolzano/Bozen agus Trento)
107 gcúige
15 dhúiche chathracha
8091 mbardasacht
An Ostair
9 stát chónaidhme
99 gceantar
(lena n-áirítear 15 chathair)
2357 mbardasacht
An tSlóivéin
58 n-aonad riaracháin Stáit díláraithe
212 bhardasacht (lena n-áirítear 11 bhardasacht uirbeacha)
Málta
5 eintiteas riaracháin a dhéanann grúpáil ar chomhairlí áitiúla16 phobal riaracháin
68 gcomhairle áitiúla
An Chróit
21 réigiún (lena n-áirítear an phríomhchathair Ságrab)
127 mbaile
429 mbardasacht thuaithe
An Ghréig
7 rialtas dí-láraithe
13 réigiún
325 mbardasacht
An Chipir
6 cheantar
39 gcathair
478 mbardasacht

# Clár


Brollach

8 Apostolos Tzitzikostas
*Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún*

10 Vasco Alves Cordeiro
*An Chéad Leas-Uachtarán ar Choiste Eorpach na Réigiún*

Na trí thosaíocht is tábhachtaí

14 1. An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh: an daonlathas agus todhchaí an Aontais

18 2. Bunathruithe sochaíocha a láimhseáil: pobail réigiúnacha agus áitiúla athléimneacha a chothú

22 3. Comhtháthú, ár mbunluach: beartais áitbhunaithe de chuid an Aontais

28 Cad é Coiste Eorpach na Réigiún?

Teachtaireachtaí ó Uachtaráin na ngrúpaí polaitiúla

30 An tUachtarán, Olgierd Geblewicz
*Grúpa PPE*

32 An tUachtarán, Christophe Rouillon
*Grúpa PSE*

34 An tUachtarán, François Decoster
*An Grúpa 'Renew Europe'*

36 An tUachtarán, Władysław Ortyl
*An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR)*

38 An tUachtarán, Kieran McCarthy
*Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí*

40 Comhuachtaráin, Bernd Voß agus Satu Haapanen
*Grúpa na nGlasach*




# Brollach




16
17
18
SECRETARY
GENERAL
BRU

# Apostolos Tzitzikostas
## Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún




@CoR_President

Léirigh an ghéarchéim eacnamaíoch, an ghéarchéim imirce agus géarchéim COVID-19 gur trí acmhainní a chomhthiomsú agus trí bheith ag obair le chéile, agus tríd an méid sin amháin, gur fearr is féidir leis an Eoraip freastal ar leasanna na saoránach. Gach aon uair a bhí ar an Eoraip dul i ngleic le dúshláin nua, chuaigh sí i muinín na rialtas áitiúil agus réigiúnach chun freagairt dóibh agus chun teacht ar réitigh dár bpobail.

Is amhlaidh an scéal sa lá atá inniu ann. I ngeall ar chineál na géarchéime seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, ní mór don Eoraip aontacht agus dlúthpháirtíocht a léiriú trí thacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an milliún polaiteoir áitiúil agus réigiúnach atá inti. Bhí an obair go léir a rinne na ceannairí áitiúla agus réigiúnacha thar a bheith tábhachtach chun bac a chur ar leathadh na paindéime, chun leanúint de sheirbhísí poiblí a chur ar fáil, chun poist a chosaint, chun tacú le FBManna agus chun an bealach a réiteach don téarnamh. Tá dlúthbhaint ag an tacaíocht a thugtar do na pobail áitiúla go léir trí chéile le beatha daoine agus geilleagair a shábháil.

**Is é an phríomhthosaíocht a bheidh againn sna cúig bliana amach romhainn ná Eoraip a thógáil atá comhtháite, athléimneach agus inbhuanaithe agus atá níos cóngaraí dá saoránaigh.**





Chuige sin, díreoimid ar an daonlathas a neartú agus a chosaint. Ní mór nuachóiriú a dhéanamh ar dhaonlathas na hEorpa sa chaoi is go mbeidh sé níos freagrúla do riachtanais na saoránach. Is deis í an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun cúrsaí a athrú trí ról níos láidre a thabhairt do rialtais áitiúla agus réigiúnacha san Aontas. Leanfaimid orainn ag seasamh ar son na hEorpa agus a bunluachanna ar an leibhéal áitiúil – lena n-áirítear saoirse cainte, comhionannas, cearta an duine agus saorghluaiseacht – ar nithe iad atá ríthábhachtach do thodhchaí an daonlathais.

Sa bhreis air sin, ní mór dúinn iarrachtaí an Aontais a athdhíriú chun tacú le gach cathair agus réigiún freagairt do na hathruithe móra atá rompu sa lá atá inniu ann. Mar chuid de sin, is gá a chinntiú go gcuidíonn an tAontas lena bhfreagairt ar an bpaindéim agus lena n-obair téarnaimh. Ina theannta sin, níor cheart don Eoraip a haird a bhaint den éigeandáil aeráide, den athrú déimeagrafach, den imirce agus den digiteáil. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, tá cur chuige Eorpach ag teastáil atá comhleanúnach, comhtháite agus áitiúil chun tacú le gach saoránach. Is é an chaoi a bhfreagraíonn an Eoraip do na hathruithe sin agus an chaoi a dtagann sí as an bpaindéim a chinnteoidh todhchaí an Aontais.

Ina cheann sin, ní mór an comhtháthú a neartú mar bhunluach agus gurb é a threoróidh todhchaí na hEorpa. I dtráth seo na héiginnteachta, tá gá le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach idir réigiúin, cathracha agus daoine, ní hamháin chun todhchaí fhadtéarmach gheilleagar na hEorpa a chinntiú, ach chun neart an Aontais a léiriú chomh maith. Ní mór don Aontas maoiniú leordhóthanach réigiúnach agus talmhaíochta a chur ar fáil, ach ní mór dó tuilleadh a dhéanamh. Is gá an chomhtháthú a bheith i gcroílár thosaíochtaí, beartais agus cláir an Aontais chun pobail na hEorpa a nascadh le chéile.



Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh an Eoraip in ann teacht le chéile, freagairt a dhéanamh agus infheistíocht a dhéanamh sna réigiúin agus sna cathracha uile chun todhchaí ár saoránach a chosaint. Ní mór don Aontas anois, murab ionann is riamh, a chuid acmhainní uile a úsáid, a struchtúr daonlathach agus institiúideach a nuachóiriú agus a léiriú go bhfuil sé ag freastal ar gach pobal áitiúil agus ar gach saoránach.

***Apostolos Tzitzikostas***
*Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún*
*Gobharnóir Réigiún na Macadóine Láir, an Ghréig*

# Vasco Alves Cordeiro

An Chéad Leas-Uachtarán ar Choiste Eorpach na Réigiún



@VascoCordeiro3

I ndiaidh téarnamh fada deacair ón ngéarchéim airgeadais, is éard atá sa chomhrac i gcoinne COVID 19 agus na héifeachtaí uileghabhálacha a ghabhann leis ná oscailt súl nua chun a chur i gcuimhne do cheannairí an Aontais go bhfuil gá le hEoraip atá níos láidre agus níos cothroime, le hAontas atá níos láidre agus le bealach éagsúil oibre d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach. Is tríd an dlúthpháirtíocht idir gach leibhéal agus tríd an ngníomhaíocht chomhpháirteach amháin is féidir na dúshláin nach féidir leis na Ballstáit agus na réigiúin aghaidh a thabhairt orthu ar a gconlán féin a shárú. Ar mhaithe leis an tionscadal Eorpach féin, tá sé bunriachtanach cuimhneamh air go bhfuil daoine ag súil go ndéanfaidh an tAontas níos mó ná gníomhú thar a gceann. Táim suite de, agus aghaidh á tabhairt ar dhúshlán ollmhór den chineál sin, go bhfuil daoine ag súil freisin go spreagfaidh an tAontas chun gnímh muid agus go dtabharfaidh sé freagraí éifeachtúla, gasta agus infheicthe ar na saincheisteanna éagsúla atá ag eascairt as an bpaindéim seo.

Ní ann d'Aontas gan comhtháthú. Tá éagothromaíochtaí forbartha suntasacha fós ann idir réigiúin agus idir na Ballstáit agus nochtfar iad a thuilleadh de réir mar a théimid i ngleic le héifeachtaí na paindéime. Ní mór don Aontas tacú





leis an bhforbairt réigiúnach sa chaoi is gur féidir neamhionannais agus éagothromaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus críochacha a chomhrac, agus chun an tacaíocht atá de dhíth ó na saoránaigh agus atá á n-éileamh acu a chur ar fáil. Is ar an gcúis sin a táimid, mar pholaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha, ag tacú le buiséad láidir díláraithe Eorpach, ina mbeidh acmhainní breise a bheidh tiomnaithe do na tosaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn in earnálacha na sláinte, na haeráide agus na himirce. Iarraimid freisin rialacha fioscacha athbhreithnithe a bheith ann d'fhonn tacú le hinfheistíocht phoiblí láidir agus le seirbhísí poiblí éifeachtúla ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Is é an beartas comhtháthaithe an creat is fearr chun an téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach agus tá sé de dhíth ón Eoraip chun gur féidir léi a háit mar cheannaire domhanda a ghlacadh arís. A bhuí leis sin, d'fhéadfaí Eoraip níos forásaí agus níos inbhuanaithe a thógáil a thugann aird ar a saoránaigh agus a comhshaol.

Beag beann ar a suíomh geografach, a méid nó a saibhreas, ba cheart do gach réigiún agus gach cathair ar an mór-roinn agus sna háiteanna is iargúlta a bheith ina chuid den tionscadal Eorpach ós rud é go bhfuil gach aon saoránach tábhachtach. Is iad na cathracha agus na réigiúin sin an bunús daonlathach ar a gcaithfidh ceannairí an Aontais an Eoraip a atógáil i gcomhar le níos mó ná aon mhilliún polaiteoir áitiúil agus réigiúnach arna dtoghadh ag saoránaigh an Aontais. Is iadsan atá chun tosaigh i ngach géarchéim chun tacú lenár saoránaigh agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh a bheith lánpháirteach in obair laethúil an Aontais.



Don chéad chúig bliana eile, beidh CnaR ar thús cadhnaíochta agus athdhearbhóidh sé tosaíochtaí na gcathracha agus na réigiún do thodhchaí an Aontais seo againne. Beimid ag obair i gcomhar leis na hinstitiúidí Eorpacha eile, maille lenár gcomhpháirtithe Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla.. **Is é an misean atá againn ná an tAontas a thabhairt níos cóngaraí do na háiteanna ina bhfuil cónaí ar na saoránaigh: is iad sin a gcathracha agus a réigiúin.**

*Vasco Alves Cordeiro*
*An Chéad Leas-Uachtarán ar Choiste Eorpach na Réigiún*
*Uachtarán Rialtas Réigiúnach na nAsór, an Phortaingéil*

# Tosaíochtaí

## Comhtháthú, an bunluach seo againne:

Beartais áitbhunaithe de chuid an Aontais



## An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh:
Daonlathas agus todhchaí an Aontais

## Bunathruithe sochaíocha a láimhseáil:
Pobail réigiúnacha agus áitiúla athléimneacha a chothú

# An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh:

## Daonlathas agus todhchaí an Aontais







# Athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an daonlathas sa lá atá inniu ann

Is é an phríomhthosaíocht atá againn ná an Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh agus daonlathas na hEorpa a neartú ar gach leibhéal rialtais. Tá sé d’aidhm againn feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn an tAontas, trína gcinnteofar go bhfreastalaíonn beartais agus cláir an Aontais ar fhíor-riachtanais na saoránach. Ní mór dúinn an tAontas a nuachóiriú ionas go bhfreagróidh sé ar bhealach níos éifeachtúla do riachtanais daoine.



**Saoirse**

**Daonlathas áitiúil**

**Bunluachanna ag bunúsacha**

*Ag obair i gcomhar le príomhfhinní polaitiúla an Aontais*

*Caidreamh le líonraí réigiúnacha/áitiúla, cumainn agus oifigí na Bruiséile*

*Ag obair le tíortha an mhéadaithe agus le comharsana an Aontais*

**Muinín na saoránach sa mhilliún ceannaire áitiúil agus réigiúnach san Aontas**



*Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa*

*Sineirgí idir parlaimintí réigiúnacha, náisiúnta agus AE*

*Caidreamh idirinstitiúideach an Aontais*

*Struchtúr daonlathach an Aontais a fheabhsú*

**...gus féiniúlachtaí an Aontais**

*An Smacht Reachta*

*Cearta an duine agus comhionannas*

## An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh: an daonlathas agus todhchaí an Aontais



**Teagmháil a dhéanamh le polaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha**

- *Idirphlé áitiúil*
- *Rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht a mhéadú*
- *Polaiteoirí Tofa Óga Áitiúla*
- *Éisteacht leis na saoránaigh agus freagairt dóibh*

*Baraiméadar Bliantúil Aitiúil agus Réigiúnach*

- *Faireachán a dhéanamh ar an daonlathas áitiúil*
- *Fianaise-bhunaithe*
- *Teagmháil a dhéanamh leis an bpobal*

**Daonlathas tríthoiseach: daonlathas Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach/áitiúil**

- *Dlíthe AE níos fearr*
- *Coimhdeacht*

# Bunathruithe sochaíocha a láimhseáil:
## Pobail réigiúnacha agus áitiúla athléimneacha a chothú







# Ag freagairt do na hathruithe móra atá le sárú ag ár réigiúin, ag ár gcathracha agus ag ár mbailte sa lá atá inniu ann

Tá tionchar ollmhór ag paindéimí domhanda, an aeráid, aistrithe digiteacha agus déimeagrafacha, chomh maith leis an sreabhadh imirce, ar gach réigiún, cathair, baile agus sráidbhaile san Eoraip. A bhuí le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, tiocfaimid ar réitigh lena chinntiú go dtugann an tAontas a dhóthain tacaíochta d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha chun freagairt d’éigeandálaí amach anseo agus chun go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar na claochluithe sochaíocha atá ag tarlú ina bpobail faoi láthair.



Íocóin déanta ag Freepik ó www.flaticon.com

**Forbair**

**Aontas aeráidneodrach faoi 2050**

- *Truailliú nialasach*
- *Éifeachtúlacht fuinnimh*
- *Geilleagar ciorclach*
- *Soghluaisteacht ghlan*
- *An bhithéagsúlacht a chosaint*
- *Comhaontú Glas don Eoraip*
- *Forbairt tuaithe*



**Athléimneacht a neartú i bpobail áitiúla**

- *Feabhas a chur ar an gcomhordú Eorpach*
- *Téarnamh inbhuanaithe AE do gach pobal*
- *Tubaistí i réigiúin agus i gcathracha a láimhseáil*

**An Imirce**

- *Lánpháirtiú cuimsitheach, daonnúil agus cothrom*
- *Tacú leis an lánpháirtiú*
- *An gháinneáil ar dhaoine a chomhrac*

**Athrú déim**

rt ghlas

*Fás inbhuanaithe*

*Abhcóideacht dhomhanda maidir leis an mbithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide*




## Bunathruithe sochaíocha a láimhseáil:
Pobail réigiúnacha agus áitiúla athléimneacha a chothú

**Réigiúin agus cathracha digiteacha an Aontais**

*Oideachas, oiliúint agus scileanna*

*Aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach*

*Bonneagar agus nascacht*

*Seirbhísí poiblí digiteacha agus dreasachtaí do ghnólachtaí áitiúla*

*Imscaradh 5G ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach*

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe**

*Aosú an daonra, meath an daonra agus an dídhaonrú a láimhseáil*

*Imirce daoine oilte*

*Fostaíocht ar ardcháilíocht, cearta sóisialta agus cothromaíocht oibre is saoil*


neagrafach

# Comhtháthú, an bunluach seo againne:
## Beartais áitbhunaithe de chuid an Aontais



# An tAontas Eorpach a chur ag fónamh dá shaoránaigh agus do na háiteanna ina bhfuil cónaí orthu

Is é an tríú tosaíocht a bheidh againn ná a chinntiú go ndéanfar an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chothú agus go ndéanfar é seo a urramú i mbeartais uile an Aontais a bhfuil tionchar acu ar dhaoine agus ar na háiteanna ina bhfuil cónaí orthu (ar a dtugaimid beartais áitbhunaithe). Cuirfidh sé breisluach an chomhtháthaithe os comhair an phobail, ní hamháin mar bheartas, ach mar bhunluach a chaithfidh a bheith mar bhonn agus mar thaca ag beartais uile an Aontais. Ní airgead atá i gceist leis an gcomhtháthú, an bunluach seo againne atá ann.



**An Chomhghuaillíocht um Chomhtháthú #CohesionAlliance**



**An Grúpa Idir-Réigiúnach maidir leis an gComhar Trasteorann**

**Rialachas eacnamaíoch athnuaite na hEorpa**

**Infheistíocht leordhóthanach san Eoraip**

**An breisluach leis an gcomhthát na ndaoi**

*Soghluaisteacht chliste*

*Do na réigiúin agus na cathracha go léir*

*Aghaidh a thabhairt ar an deighilt idir ceantair uirbeacha/thuaithe*

*Dlúthpháirtíocht, freagracht agus éifeachtacht*

*Beartas Comhtháthaithe*

*Forbairt tuaithe*

*Acmhainní an Aontais*

*Nuálaíocht agus fiontraíocht*

*Infheistíocht a dhéanamh in iompar inbhuanaithe ar fud an Aontais*

*Geilleagair áitiúla a oiriúnú*

Infheistíocht phríobháideach a mhealladh



## Comhtháthú, ár mbunluach:
Beartais áitbhunaithe de chuid an Aontais

Aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí san Eoraip

Rialachas il-leibhéil agus an chomhpháirtíocht

n a bhaineann
thú i saol laethúil
ne a léiriú

Beartais an Aontais a shimpliú

# Coiste Eorpach na Réigiún





40
200
407
NL
LT
73
BG
SK
DE
CY
14




# Cad é Coiste Eorpach na Réigiún?

Is comhlacht institiúideach de chuid an Aontais Eorpaigh é CnaR. Is Uachtaráin thofa ar Réigiún, Comhairleoirí réigiúnacha, Méaraí agus Comhairleoirí Áitiúla iad ár gcomhaltaí atá freagrach go daonlathach do na saoránaigh.

## COMHALTAS


329 gcomhalta

27 mBallstát

## RÉIMSÍ FREAGRACHTA




## TIONCHAR




## 3 PRÍOMHPHRIONSABAIL

1 Cóngaracht do dhaoine

2 Rialachas il-leibhéil

3 Coimhdeacht

An tUachtarán
**Apostolos Tzitzikostas**

"Is é an phríomhthosaíocht a bheidh againn sna cúig bliana amach romhainn ná Eoraip a thógáil atá comhtháite, athléimneach agus inbhuanaithe agus atá níos cóngaraí dá saoránaigh."

An Chéad Leas-Uachtarán
**Vasco Alves Cordeiro**

"Is é an misean atá againn ná an tAontas a thabhairt níos cóngaraí do na háiteanna ina bhfuil cónaí ar na saoránaigh: is iad sin a gcathracha agus a réigiúin."

## 6 ghrúpa pholaitiúla

eppCoR group in the european committee of the regions

PES GROUP European Committee of the Regions

renew europe. CoR

ECR European Conservatives & Reformists Group Committee of the Regions

EA European Alliance

THE GREENS in the European Committee of the Regions

## AG DÉANAMH IONADAÍOCHTA

1 mhilliún polaiteoir áitiúil agus réigiúnach

300 réigiún

90 000 údarás áitiúil

447 mhilliún saoránach AE

## NA COIMISIÚIN

Déanann 6 Choimisiún (grúpaí de Chomhaltaí) dréacht-tuairimí agus dréachtrúin a ullmhú le cur faoi bhráid an Tionóil Iomlánaigh.

- Beartas Comhtháthaithe Chríochaigh agus Buiséad AE (COTER)
- An Comhshaol, Athrú Aeráide agus Fuinneamh (ENVE)
- Beartas Eacnamaíoch (ECON)
- Saoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha (CIVEX)
- Acmhainní Nádúrtha (NAT)
- Beartas Sóisialta, Oideachas, Fostaíocht, Taighde agus Cultúr (SEDEC)

## ARDÁIN AGUS LÍONRAÍ

- Comhpháirtíocht an Oirthir
- An Comhthionól Eora-Mheánmhara
- AE2020 Ardán Faireacháin
- Ardán Il-gheallsealbhóirí maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht
- Cúnant na Méaraí
- An tAtlas maidir le Comhar Díláraithe um Fhorbairt
- Grúpáil Eorpach um Chomhar Críche
- Líonra na Mol Réigiúnach
- Cathracha agus Réigiúin ar son na Lánpháirtíochta

## 6 SHEISIÚN IOMLÁNACHA

Tagann comhaltaí CnaR le chéile i seisiún iomlánach sa Bhruiséil chun vótáil a dhéanamh faoi thuairimí agus chun iad a ghlacadh.

# Olgierd Geblewicz
Uachtarán Ghrúpa PPE



@EPP_CoR

eppcor.eu

Tréimhse dhinimiciúil a bheidh sna cúig bliana amach romhainn do réigiúin na hEorpa agus do dhaonlathas na hEorpa. Tacóidh Grúpa PPE in CnaR leis an Uachtaránacht ina cuid oibre chun torthaí nithiúla a bhaint amach maidir leis na tosaíochtaí a leagtar amach leis seo agus maidir leis na dúshláin nua a d'fhéadfadh a bheith roimh CnaR agus a chomhaltaí amach anseo.

**Is é an fhís atá againn don chéad chúig bliana eile ná go mbeidh na saoránaigh ina mbunchloch de dhaonlathas na hEorpa. Chuige sin, bheadh orainn sásraí marthanacha a fhorbairt chun dul i gcomhairle le daoine ar an leibhéal áitiúil agus, san am céanna, an choimhdeacht san Aontas a neartú sa chaoi is gur féidir a n-ionchur a athrú ina**





**chumhachtaí cinnteoireachta.** Sa chéad dá bhliain den sainordú, ba cheart dúinn fuinneamh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa a úsáid d'fhonn tosaíochtaí fadtéarmacha ár gcathracha agus ár réigiún a chur chun cinn. Trí chomhphlé áitiúil leis na saoránaigh a mbeidh aiseolas struchtúrtha ag gabháil leis agus trí idirghníomhaíocht níos láidre le parlaimintí réigiúnacha agus le húdaráis áitiúla, cabhrófar linn beartais Eorpacha a mhúnlú bunaithe ar an méid atá ag tarlú i ndáiríre ar an láthair.

Is ar na príomhdhúshláin atá roimh réigiúin na hEorpa ar an aimsir seo a bheidh ár rannchuidiú le hobair reachtach dírithe – is iad sin, an aeráidneodracht a bhaint amach, an leas is fearr is féidir a bhaint as an aistriú digiteach, dul i ngleic le paindéimí domhanda agus athléimneacht a chothú agus aghaidh á tabhairt ar an meath déimeagrafach. Mar sin féin, d'fhonn a chinntiú go gcuirimid Aontas chun cinn, ar Aontas é a chuireann feabhas ar shaol na ndaoine, a thacaíonn lenár ngeilleagair áitiúla agus a chruthaíonn deiseanna fostaíochta nua i dtráth seo an athraithe, is gá solúbthacht a bheith inár gcláir oibre pholaitiúla agus i mbeartas comhtháthaithe an Aontais. Léirigh na dúshláin a bhaineann leis an gcoróinvíreas, a raibh tionchar ollmhór aige ar gheilleagair náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta, a thábhachtaí atá pobail áitiúla a fheidhmíonn go héifeachtúil chun riachtanais an tsaoil laethúil, cúram sláinte príomhúil agus bonneagar áitiúil iontaofa a chinntiú. Is féidir linn an méid sin a bhaint amach trí dhlús a chur le comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha le grúpaí polaitiúla eile atá ar aon intinn linn agus atá ar son na hEorpa agus le hinstitiúidí eile an Aontais.
Mar pholaiteoirí tofa réigiúnacha agus áitiúla, táimid freagrach freisin as íomhá réadúil de bheartais an Aontais a chur in iúl sa bhaile agus lasmuigh dár dtoghcheantair féin. Chun go n-éireoidh lenár gcuid oibre, is den ríthábhacht é aird na meán réigiúnach agus áitiúil a tharraingt ar rath an Aontais, agus an dlúthpháirtíocht agus tacaíocht fhrithpháirteach idir réigiúin an Aontais a chur chun cinn.

*Olgierd Geblewicz*
*Uachtarán Pháirtí an Phobail Eorpaigh (PPE) agus Uachtarán Réigiún Zachodniopomorskie, an Pholainn*

# Christophe Rouillon
## Uachtarán Ghrúpa PES



@PES_CoR

**pescor.eu**

Is faoi stiúir méaraí agus uachtaráin atá forásach, sóisialach agus daonlathach sóisialach formhór na 120 000 cathair agus réigiún ar fud an Aontais. Ní gá ach cuimhneamh ar phríomhchathracha amhail Beirlín, an Bhruiséil nó Búdaipeist. Cuimhnigh ar an iliomad réigiún sa Ghearmáin, sa Spáinn nó sa Fhrainc agus réigiúin níos faide ar shiúl, amhail na hAsóir sa Phortaingéil. Smaoinigh ar bhardais bheaga, bardais pheirea-uirbeacha nó bardais tuaithe, cosúil le mo cheannsa. Is é an ról atá againn mar Ghrúpa Pháirtí na Sóisialaithe Eorpacha guth a thabhairt dóibh siúd agus oibriú i gcomhar leo chun Aontas níos inbhuanaithe, níos córa agus níos cuimsithí a chothú, Aontas nach bhfágfaidh aon duine ná áit ar leataobh.

Tá ré dhúshlánach romhainn. Is amhlaidh a ghéaraigh géarchéim an choróinvíris na saincheisteanna práinneacha a bhí ann cheana, amhail an éigeandáil aeráide agus éiceolaíochta, éagothromaíochtaí sóisialta atá ag dul i méid,






athrú na hoibre agus na digiteála, an easpa deiseanna do roinnt mhaith daoine, maille leis an tuairim fhorleathan go bhfuil na saoránaigh díchumhachtaithe. Tá ról an-tábhachtach ag na cathracha agus na réigiúin maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Leis an mana "Súil a bheith ar an domhan mór agus gníomh á dhéanamh ar bhonn áitiúil", seasann ár ngrúpa, atá comhdhéanta de bheagnach 200 ionadaí tofa, do chlár oibre polaitiúil atá bunaithe ar na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe. Tá sé d'aidhm againn go ndéanfaidh Coiste Eorpach na Réigiún tograí láidre a leagan amach le linn an tsainordaithe seo, go háirithe maidir leis an inbhuanaitheacht, an beartas comhtháthaithe, an tithíocht, an t-aistriú chuig fuinneamh glan, cosaint na n-oibrithe, an claochlú digiteach agus cearta digiteacha, d'fhonn cuidiú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leis an Aontas ina mbealach i dtreo na forbartha inbhuanaithe. Is éard atá i gceist leis sin freisin a bheith uaillmhianach maidir le SDG 5 a bhaineann le comhionannas inscne a bhaint amach agus mná agus cailíní a chumhachtú.

**Is féidir an ghéarchéim atá romhainn sa lá atá inniu ann a iompú ina deis má tá sé de mhisneach againn todhchaí nua a chothú dár bpobail. Chuige sin, beidh 'an Comhaontú Glas', a bhfuil údaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach ann, fíorthábhachtach. Go deimhin, tá a scileanna agus a n-acmhainní riachtanach chun aistriú cóir a bhaint amach.**

Cosnóimid freisin an smaoineamh go mbeadh ról níos polaitiúla ag Coiste Eorpach na Réigiún. Ní mór don Choiste, murab ionann is riamh, a bheith mar ghuth ag na críocha lasmuigh d'institiúidí an Aontais agus rannchuidiú le múnlú thodhchaí an Aontais, go háirithe tríd an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus tríd an gcomhphlé leis na saoránaigh. Ach, beag beann ar an gcomhthéacs nó ar an ngéarchéim atá romhainn, is é an beart a bheidh againn ná seasamh ar son lánpháirtiú níos doimhne na hEorpa bunaithe ar an gcoimhdeacht, ar an dlúthpháirtíocht agus ar dhílseacht neamhchoinníollach do luachanna agus saoirsí bunúsacha na hEorpa.

***Christophe Rouillon***
*Président du groupe du Parti socialiste européen (PSE)*
*Maire de Coulaines, France*

# François Decoster
## Uachtarán an Ghrúpa 'Renew Europe'



@RenewEuropeCoR

**reneweurope-cor.eu**

Tá aird tarraingthe ag paindéim COVID-19 ar na lúba ar lár maidir le feidhmiú ár sochaithe agus ár nAontais. San am céanna, tugann sé deis dúinn. **Ní mór dúinn a chinntiú go ndéanfar gach beart ar bhealach a fhágann go mbeidh sochaí níos láidre agus níos aontaithe againn sa deireadh. Chuige sin, díreoimid ar an gcreat ceart a cheapadh do théarnamh a bheidh glas, cliste agus cuimsitheach.**

Is é sin, téarnamh a choimeádfaidh an aeráidneodracht ar an mbóthar ceart, lena gcuirfear an Comhaontú Glas chun feidhme ar bhealach cóir agus buntáisteach ó thaobh airgeadais de. Áirítear freisin aistriú glas chuig geilleagar dícharbónaithe a chruthóidh deiseanna nua gnó agus fostaíochta. Is é sin, aistriú lenar cheart na coinníollacha a leagan síos do chineál nua de gheilleagar margaidh a bheidh bunaithe ar fhuinneamh saor ó charbón, ar chomhionannas deiseanna, ar iomaíocht chothrom lena gcuirtear cosc ar mhonaplachtaí d'aon chineál





(monaplachtaí poiblí nó príobháideacha, cuasa-mhonaplachtaí nó monaplachtaí de facto) agus lena dtugtar aghaidh ar na monaplachtaí sin, maille le rialáil iomchuí a leagan síos chun na daoine is leochailí a chosaint. Aistriú lena ndéanfar beartas tionsclaíochta áitbhunaithe a éascú, cuidiú a thabhairt do thionscail straitéiseacha, lena n-áirítear athoiliúint a chur ar oibrithe a bhfuil a bpost ag dul i léig, poist áitiúla inbhuanaithe a chruthú, go háirithe don aos óg, agus borradh a chur faoi FBManna. Aistriú a chinnteoidh bithéagsúlacht chothrom agus cosaint agus bainistiú cuí ár dtimpeallachtaí, ár gceantar uirbeach agus tuaithe, agus ár bhforaoisí. Aistriú lena ligfear dúinn taisteal chuig na cinn scríbe turasóireachta go léir san Eoraip ar bhealach inbhuanaithe.
Téarnamh lena ndéanfar meastóireacht ar an athrú déimeagrafach agus lena gcinnteofar go mbeidh na cinntí a dhéanfar amach anseo saincheaptha do riachtanais agus do shainiúlachtaí áitiúla; ar téarnamh é lena measfar táirgeadh an trealaimh sláinte agus sláintíochta is gá mar rud straitéiseach agus go mbeidh an tsláinte phoiblí ina fíor-chomhpháirtíocht éifeachtach idir ceannairí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.
Téarnamh a thairbheoidh den dul chun cinn mór atá déanta maidir le digiteáil na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha agus a théann níos faide trína chinntiú go bhfuil leathanbhanda ar ardcháilíocht i ngach teaghlach agus sna fiontair is lú agus go bhfoghlaimeoidh gach saoránach, beag beann ar a aois nó a inscne, na scileanna cearta ionas gur féidir leis iad a úsáid d'fhonn rochtain níos fearr a fháil ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha. Téarnamh a bheidh bunaithe ar an smacht reachta, ar an daonlathas áitiúil a neartú ó thaobh rannpháirtíocht na saoránach trí uirlisí digiteacha agus ó thaobh cháilíocht an daonlathais áitiúil; ar téarnamh é a bheidh saor ó éilliú, cuimsitheach maidir leis an gcinnteoireacht, ina mbeidh meáin áitiúla shaora agus sochaí shibhialta ghníomhach araon, agus ina mbainfidh na saoránaigh lántairbhe as na deiseanna a théann le ballraíocht an Aontais.

*François Decoster*
*Uachtarán an Ghrúpa 'Renew Europe'*
*Méara Saint Omer*
*Comhalta de Pharlaimint Réigiún Hauts de France, an Fhrainc*

# Władysław Ortyl

## Uachtarán an Ghrúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR)



@ECR_CoR

web.cor.europa.eu/ecr

**I nGrúpa ECR táimid tiomanta d'Eoraip níos rathúla, níos sláine agus níos díláraithe atá faoi stiúir pobail áitiúla i gcomhar leis na rialtais náisiúnta. Is ea is fearr a rialaíonn aon rialtas nuair a éisteann sé leis na saoránaigh agus nuair a chaitheann sé airgead na gcáiníocóirí ar bhealach freagrach agus is ar an gcúis sin a leagaimid béim ar phrionsabail na réadúlachta, na coimhdeachta agus an daonlathais.**

Le linn tráthanna deacra den chineál seo, ní mór dúinn tús áite a thabhairt don phragmatachas. Gluaiseacht choimeádach atá i nGrúpa ECR agus creideann an Grúpa gur féidir linn teacht ar réitigh réadúla trí chomhar Eorpach i réimsí tábhachtacha chun dul i ngleic le fíor-shaincheisteanna. Trí bheartais chiallmhara agus trí mheas a léiriú do mhianta ár saoránach is féidir linn teacht ar réitigh lena gcuideofar le poist a chruthú agus lena ndéantar áit níos sábhailte den Eoraip le cónaí inti.





Tá an téarnamh eacnamaíoch i ndiaidh ráig phaindéim COVID-19 ar cheann de na dúshláin is buanseasmhaí atá roimh an Aontas sa lá atá inniu ann. Thacaigh ár nGrúpa le fíor-ghníomhaíochtaí ar son na dlúthpháirtíochta, mar atá, cúnamh airgeadais do réigiúin atá ag streachailt, níos mó solúbthachta maidir le húsáid chistí an Aontais agus deireadh a chur le dleachtanna allmhairiúcháin ar threalamh leighis. Tá sé curtha i bhfios go láidir againn freisin nach mór do na beartais nua uile réaltachtaí áitiúla agus réigiúnacha a chur san áireamh agus a chinntiú nach sáróidh aon bhearta de chuid an Aontais ceannasacht na náisiúnstát ná ceannasacht an rialtais áitiúil.

Go bunúsach, is iomaí difríocht idir tíortha agus réigiúin na hEorpa: teanga, náisiúntacht, forbairt eacnamaíoch, acmhainní nádúrtha, leibhéal an oideachais áitiúil, tíreolaíocht agus ioncam. Is ar an gcúis sin a chreidimid nach féidir ach le hAontas a urramaíonn an éagsúlacht agus a bhfuil muinín aige as a thíortha agus as a réigiúin todhchaí níos láidre a chothú, todhchaí a fheabhsaíonn saol na ndaoine.

Is féidir leis na Ballstáit agus na réigiúin teacht ar an tsamhail is oiriúnaí dóibh chun dul i ngleic le rud ar bith, ó bheartais fhioscacha go poist a chruthú a ligeann do dhaoine óga fanacht ina gceantar dúchais agus clann a bheith acu. I ndáil le saincheisteanna eile a bhfuil comhar ag teastáil ina dtaobh ar leibhéal an Aontais, is léir go bhfuil gá le hEoraip láidir i réimsí amhail an comhtháthú críochach, taighde eolaíoch, talmhaíocht agus an margadh aonair.

Cuirimid fís láidir mhalartach in iúl d'Aontas athchóirithe mar chomhphobal de náisiúin agus de réigiúin ag comhoibriú le chéile i réimsí ina bhfuil leasanna coiteanna acu a d'fhéadfaí a fhorbairt trí obair éifeachtach. Agus gach cinneadh á ghlacadh ag ár bpolaiteoirí, tugtar aird ar cé acu atá nó nach bhfuil an cinneadh sin ag cur le luach do na cáiníocóirí atá ag obair go crua ar fud an Aontais.

***Władysław Ortyl***
*Uachtarán an Ghrúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR)*
*Uachtarán Réigiún Podkarpackie, an Pholainn*

# Kieran McCarthy
Uachtarán Ghrúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí



@EA_CoR
web.cor.europa.eu/ea

Is iomaí dúshlán sóisialta agus eacnamaíoch atá romhainn sa lá atá inniu ann. Tá réigiúin agus cathracha ar fud an Aontais sa líne thosaigh ag freagairt do na dúshláin sin – ag dul i ngleic leo, ag teacht ar réitigh agus, san am céanna, ag bogadh ar aghaidh ar bhealach uaillmhianach inbhuanaithe. Tá sé léirithe ag paindéim an choróinvíris arís eile a thábhachtaí atá na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha do shaol shaoránaigh an Aontais.

Tá an oiread sin eolais agus taithí ag uachtaráin ar réigiúin, ag méaraí agus ag comhairleoirí réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa is féidir a roinnt – féadfaidh an t-eolas agus an taithí sin cur le réimsí beartais reatha de chuid an Aontais agus a bheidh ann amach anseo. Le 25 bliana anuas, chuidigh CnaR le fís an Aontais a bhaint amach ach, san am céanna, is é CnaR a chuir na ceisteanna deacra agus é ag iarraidh teacht ar réitigh trí chomhpháirtíocht agus trí thacú le héiteas an Aontais.






Tá CnaR ina ghné lárnach d'Foireann an Aontais. Trí oibriú i gcomhar leis na hinstitiúidí Eorpacha eile, tá comhéadan coiteann curtha le chéile ag CnaR leis na daoine a bhfuil cónaí orthu sna ceithre hairde den Aontas. Bíodh sin mar atá, ní mór do CnaR leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar a shásraí chun a chinntiú go gcuirfear tuairimí agus cumhachtaí na n-údarás áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta san áireamh go cuí sa reachtaíocht Eorpach.

Creideann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí nach mór don Aontas fís láidir a bheith aige, fís a nascann beartais le chéile agus a rachaidh chun leasa ár gcathracha, ár mbailte, ár gceantar tuaithe agus imeallach ar fud an Aontais. Tá comhroinnt eolais, infheistíocht airgeadais agus cruthú rialála solúbtha ríthábhachtach chun cineálacha cur chuige nuálacha agus trasearnála a cheapadh chun tacú le geilleagar cothrom atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Ar deireadh, níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar cé sinne; is baill den Aontas Eorpach muid, rud a théann chun tairbhe dúinn ar fad, ach, tá cultúir, traidisiúin agus teangacha éagsúla againn go léir. Is den tábhacht é oibriú ar son agus thar ceann shaoránaigh an Aontais agus, san am céanna, ár réigiúin éagsúla a urramú agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin ár linne.

*Kieran McCarthy*
*Uachtarán Ghrúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí*
*Comhalta de Chomhairle Cathrach Chorcaí, Éire*

# Bernd Voß
# Satu Haapanen

Comh-Uachtaráin ar Ghrúpa na nGlasach



@Greens_CoR

web.cor.europa.eu/greens

Tá saoránaigh ghníomhacha agus a rannpháirtíocht dhaonlathach bunriachtanach don Aontas Eorpach agus do na réigiúin, na cathracha agus na bardais i dtaca le todhchaí chomhchoiteann a mhúnlú.
Ní féidir ach leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ina gcomhtháthaítear gach réimse beartais go comhsheasmhach (talmhaíocht, tionsclaíocht, iompar, tithíocht, oideachas agus cuimsiú sóisialta), a bheith ina straitéis fáis inbhuanaithe don Eoraip. Dá mhéad ama a chaillfimid agus muid sa tóir ar 100 % d'fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, is ea is airde na costais eacnamaíocha. Ní mór an t-athrú cóir a dhéanamh anois – is ar an gcaoi sin amháin is féidir linn ár bhfolláine a chinntiú, poist chuibhiúla a bheith againn agus soghluaisteacht a choinneáil. Dá bhrí sin, tá gá le spriocanna ceangailteacha san Aontas do na blianta atá le teacht chun na cuspóirí aeráide agus fuinnimh a bhaint amach.
Tá deiseanna infheistíochta inbhuanaithe





ag teastáil ó na réigiúin, na cathracha agus na bardais, ó tharla go gcuirtear beartais de chuid an Aontais chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil den chuid is mó. Ní mór don Aontas an tacaíocht airgeadais iomchuí a chur ar fáil agus caithfidh maoiniú an Aontais cur go mór le spriocanna aeráide Pháras agus, san am céanna, an ceartas sóisialta a neartú. **Is féidir ról lárnach a bheith ag CnaR maidir leis an gComhaontú Glas a chur chun feidhme.**

Is mian leis na Glasaigh go mbeidh an Eoraip á chinntiú go bhfuil comhionannas deiseanna ag gach saoránach. Teastaíonn uainn go mbeidh oideachas ar ardcháilíocht ar fáil do leanaí is cuma cá bhfásann siad aníos agus go ráthófar todhchaí dóibh a bheidh lán le dóchas agus deiseanna. Is mian linn bithéagsúlacht ár bhforaoisí agus ár bhfarraigí a chinntiú; ba mhaith linn deireadh a chur leis an athrú aeráide.
Is é atá uainn pobail chuimsitheacha a bheith ann inar féidir le daoine muinín a bheith acu go n-éistfear lena gcuid tuairimí agus go n-urramófar a gcearta sibhialta. Táimid ag iarraidh go gcruthófar poist lena gcuirfear san áireamh, ní hamháin riachtanais na ndaoine, ach leochaileacht an chomhshaoil freisin. Dar linn, is ceart uilíoch an duine é an urraim don chine daonna, rud atá doshannta agus atá ina bhunús luacha dár ngníomhartha go léir. Dá bhrí sin, táimid ag áitiú go gcaithfear go cóir agus go daonnúil leo siúd i gcásanna leochaileacha, amhail dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn. Ní mór don Aontas modhanna a aimsiú chun cuidiú le tíortha atá i mbéal forbartha an daonlathas a fhorbairt, an t-athrú aeráide a chomhrac agus a n-oibleagáid maidir le cearta an duine a chomhlíonadh.

*Satu Haapanen*
*Comh-Uachtarán ar Ghrúpa na nGlasach*
*Comhairleoir Cathrach Oulu, an Fhionlainn*

***Bernd VOß***
*Comh-Uachtarán ar Ghrúpa na nGlasach*
*Comhalta de Pharlaimint Stáit Schleswig-Holstein, an Ghearmáin*





QG-01-20-386-GA-C | ISBN 978-92-895-1048-6 | doi:10.2863/690841

Coiste Eorpach
na Réigiún

# Mol na sráidbhailte, na mbailte, na gcathracha agus na réigiún ar fad san Aontas Eorpach.

## *Bí i dteagmháil linn!*

Is é Coiste Eorpach na Réigiún tionól polaitiúil an Aontais Eorpaigh ina bhfuil 329 n-ionadaí réigiúnacha agus áitiúla ó gach ceann de na 27 mBallstát. Is uachtaráin thofa ar réigiúin, comhairleoirí réigiúnacha, méaraí agus comhairleoirí áitiúla iad ár gcomhaltaí atá freagrach go daonlathach do bhreis is 446 mhilliún saoránach. Is iad príomhchuspóirí CnaR páirt a thabhairt d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus do na pobail a ndéanann siad ionadaíocht orthu i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh agus iad a chur ar an eolas faoi bheartais an Aontais. Ní mór don Choimisiún Eorpach, do Parlaimint na hEorpa agus don Chomhairle dul i gcomhairle leis an gCoiste maidir le réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar na réigiúin ar na cathracha. Is féidir leis achomharc a dhéanamh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun seasamh le dlí an Aontais i gcás ina ndéantar sárú ar phrionsabal na coimhdeachta nó ina mainnítear údaráis réigiúnacha nó áitiúla a urramú.

Meitheamh 2020

Rue Belliard/Belliardstraat 101 | 1040 Bruxelles/Brussel | BELGIQUE/BELGIË | Tel. +3222822211 | www.cor.europa.eu
@EU_CoR | /european.committee.of.the.regions | /european-committee-of-the-regions | eu_regions_cities